13 Lúnasa 2018 - Forbairt Straitéiseach Tithíochta – Bliain ar Aghaidh

Ón am a tháinig an reachtaíocht i bhfeidhm in Iúil 2017, cuirtear iarratais ar chead pleanála maidir le forbairtí straitéiseacha tithíochta díreach chuig an mBord Pleanála. Cuireadh an chéad iarratas isteach i Meán Fómhair 2017 agus eisíodh cinneadh air laistigh den tréimhse éigeantach de 16 seachtaine ar an 19 Eanáir 2018. Maidir le dul chun cinn sa tréimhse ó chur i bhfeidhm na reachtaíochta, feictear anseo a leanas roinnt príomhphointí le tabhairt faoi deara:

- Fuarthas 34 iarratas idir 21 Meán Fómhair 2017 agus deireadh Iúil 2018.
- Rinneadh cinntí ar 23 iarratas (18 a dheonaíodh agus 5 a dhiúltaíodh).
- Tugadh cead do 4,380 n-aonad cónaithe (2,272 theach agus 2,108 n-árasán) agus 4,085 spás leapa do mhic léinn.
- Tá 11 iarratas eile faoi bhráid ag an mBord Pleanála faoi láthair.

Rinneadh cinntí ar gach iarratas laistigh den tréimhse éigeantach de 16 seachtaine.

Atógáil Éireann – Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

Sa phlean ‘Atógáil Éireann’ a fhoilsíodh ag an rialtas i 2016 le díriú ar an ngéarchéim náisiúnta tithíochta agus easpa dídine, bhí bearta san áireamh ann chun soláthar thograí tithíochta a luathú. Ó Mí Iúil 2017, cuirtear iarratais ar fhorbairtí tithíochta le níos mó ná 100 aonad cónaithe agus 200 spás leapa do mhic léinn díreach chuig an mBord Pleanála.

Iarratais

Fuair An Bord Pleanála a chéad iarratas ar an 21 Meán Fómhair 2017 agus, faoi dheireadh Iúil 2018, fuarthas 34 iarratas san iomlán. Bhain 17 iarratas le Baile Átha Cliath, bhain 6 iarratas le Cill Dara agus bhain 5 iarratas le Gaillimh agus le Corcaigh ar leithligh.



Cinntí a eisíodh

Sa chéad sé mhí i 2018, rinne An Bord Pleanála cinntí ar 23 n-iarratas, ag deonú 18 díobh (Sceideal A) agus ag diúltú 5 díobh (Sceideal B).

Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta (Ean-Meith 2018)		
Ceadanna a Dheonaíodh	Aonaid Cónaithe	Spásanna Leapa do Mhic Léinn
18	4,380	4,085

Dheonaíodh cead do 4,380 aonad tithíochta (2,272 theach agus 2,108 n-árasán) agus 4,085 spás leapa do mhic léinn. Bhí iarratas amháin ar a rinneadh cinneadh curtha faoi athbhreithniú breithiúnach. Ghéill An Bord Pleanála an cás agus cuireadh ar ais chuig an mBord é.

Cloígh An Bord Pleanála le tréimhse éigeantach de 16 sheachtaine le cinntí a dhéanamh ar iarratas tithíochta straitéisí do gach cinneadh a eisíodh. Faoi dheireadh Meithimh, bhí 11 chás idir lámha ag an mBord Pleanála a bhfuil spriocdháta an chinnidh acu idir Lúnasa agus Samhain.

Bíonn comhairliúchán réamhiarratais leis an iarrthóir, an údarás áitiúla oiriúnach agus an mBord Pleanála ag teastáil mar chuid den phróiseas iarratais. Idir Iúil 2017 agus

deireadh Iúil 2018, eisíodh 56 thuairim ag an mBord Pleanála más bonn réasúnta iarratais a bhí ann i gcáipéisí a chuireadh isteach.

Is féidir eolas d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanála.ie .

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.

Sceideal A

Forbairt Straitéiseach Tithíochta – Iarratais a Cheadaíodh (go deireadh Mí Iúil 2018)					
Forbairt Cónaithe					
Iarratas	**Líon na dTithe**	**Líon na nÁrasán**	**Méid Iomlán Aonad**	**Dáta a Fhuarthas**	**Dáta an Chinnidh**
Iarláithreán CIÉ, 2-4 Bóthar Charnlaigh, An Chabrach, Baile Átha Cliath 7.	1	419	420	19/12/17	20/03/18
Bóthar an Stáisiúin, Port Mearnóg, Baile Fearainn na Maighne agus Phort Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath.	98	52	150	20/12/17	19/04/18
Baile an Ghleanna, Gleann Maghair, Contae Chorcaí.	496	112	308	20/12/17	29/03/18
Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn agus Lána Gairtéir, Teach Sagard, Co. Bhaile Átha Cliath.	459	65	526	21/12/17	26/03/18
Láithreáin thoir ó Choláiste Naomh Pól, Rath Éanna, BÁC 5*	104	432	536	22/12/17	03/04/18
An Leathchlár Srathra, Bóthar Ballygaddy, Tuaim, Co. na Gaillimhe.	128		128	22/12/17	12/04/18
Aonaid cónaithe, Halla an Sciobóil, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara.	350	100	450	05/01/18	13/04/18
Cábán tSíle, Baile Átha Cliath 18.	26	89	115	28/02/18	29/05/18
Aonaid cónaithe, An Gleanntán, Co. Chorcaí.	164	10	174	16/03/18	29/05/18
Láithreán a dhéantar den Choill Mhóir, Plásóg na Coille, Rockwinds, Smallacre, Bóthair an Teampaill agus uimh. 66 Céide Watson, Bóthair an Teampaill, Cill Iníon Léinín, BÁC.	21	81	102	27/03/18	06/07/18

Iarláithreán Aldi, Áth an Ghainimh, BÁC 18		459	459	13/04/18	17/07/18
Sruthán an Choill, Gleann an Spá, Mala, Co. Chorcaí	105	44	149	17/04/18	20/07/18

Cóiríocht Mac Léinn			
Iarratas	**Líon na Spásanna Leapa do Mhic Léinn**	**Dáta a Fhuarthas**	**Dáta an Chinnidh**
Coláiste na hOllscoile, Belfield, Baile Átha Cliath 4. (COBÁC).	2,178	21/09/17	19/01/18
Ionad Uí Dhonnghaile, Sráid Chorcaí, Baile Átha Cliath 8.	399	14/11/17	13/03/18
Iarláithreán Nead na Caróige, ag acomhal Bhóthar Charraig Ruacháin agus Bhóthar Crois Victoria, Corcaigh.	255	29/11/17	29/03/18
Iarláithreán 'Matts of Cabra' Ascaill an Fhásaigh, An Chabrach, Baile Átha Cliath 7	194	12/01/18	03/05/18

Cóiríocht Cónaithe agus Mac Léinn					
Iarratas	**Líon na dTithe**	**Líon na nÁrasán**	**Líon na Spásanna Leapa do Mhic Léinn**	**Dáta a Fhuarthas**	**Dáta an Chinnidh**
Iarláithreáin Blakes agus Esmonde Motors, Stigh Lorcáin, Co. Bhaile Átha Cliath.		103	576	20/12/17	16/03/18
Mariavilla, Bóthar Mhaigh Cláir agus Bóthar Dhún Búinne, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.	320	142	483	20/03/18	03/07/18

*Géilleadh an cás seo

Sceideal B

Forbairt Straitéiseach Tithíochta – Iarratais a Dhiúltaíodh					
Forbairt Cónaithe					
Iarratas	**Líon na dTithe**	**Líon na nÁrasán**	**Méid Iomlán Aonad**	**Dáta a Fhuarthas**	**Dáta an Chinnidh**
Clay Farm, Bóthar Bhaile Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 18.	365	562	927	22/09/17	12/01/18
Troscaigh Thoir, Bearna, Contae na Gaillimhe.	113		113	23/10/17	06/02/18
Cnoc Chill agus Cúirt an Iarla, An Chill, Co. Chill Dara.	130		130	22/12/17	27/03/18
Gleann na Muc, Cill Tiarnáin, Baile Átha Cliath 18.	98	43	141	19/01/18	26/04/18
Iarláithreán Dhún Mhic Aoidh, Sráid an Ospidéil, Baile Chill Dara, Contae Chill Dara.	200	64	264	04/04/18	09/07/18